2024/246

17.1.2024

RIALACHÁN (AE) 2024/246 ÓN gCOIMISIÚN

an 16 Eanáir 2024

lena leasaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le *Pythium oligandrum* tréithchineál M1, *Trichoderma atroviride* tréithchineál AGR2 agus *Trichoderma atroviride* tréithchineál AT10

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó de bhunadh ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 5(1) agus Airteagal 14(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcás *Pythium oligandrum* tréithchineál M1, *Trichoderma atroviride* tréithchineál AGR2 agus *Trichoderma atroviride* tréithchineál AT10, níor socraíodh aon uasleibhéal sonrach iarmhar ('MRLanna'). Dá bhrí sin, i gcás na substaintí gníomhacha sin tá feidhm ag an luach réamhshocraithe de 0,01 mg/kg a leagtar síos in Airteagal 18(1), pointe (b) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2314 ón gCoimisiún ([2]), athnuadh an tsubstaint ghníomhach *Pythium oligandrum* tréithchineál M1. Le linn an athbhreithnithe piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí ar an tsubstaint ghníomhach faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') ar an gconclúid ([4]), go raibh roinnt faisnéise ann nach raibh ar fáil a mhéid a bhaineann leis an measúnú ar an riosca cothaithe do thomhaltóirí agus gur ghá do bhainisteoirí riosca an cheist a scrúdú a thuilleadh. Mar a leagtar amach sa tuarascáil maidir le hathnuachan ([5]) le haghaidh na substainte sin, i gcomhthéacs an mheasúnaithe riosca ar an tsubstaint ghníomhach faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, níl *Pythium oligandrum* tréithchineál M1 pataigineach do dhaoine, níl coinne leis go dtáirgfear tocsainí atá ábhartha do shláinte an duine agus tá an riosca do dhaoine trí bhíthin meitibilítí diomaibhseach. Agus an t-athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí ar an tsubstaint ghníomhach *Pythium oligandrum* tréithchineál M1, an tuarascáil maidir le hathnuachan agus Airteagal 5 agus Airteagal 14(2), pointí (a), (c) agus (d) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 á gcur san áireamh, níl aon ghá le MRLanna le haghaidh na substainte gníomhaí seo a bhunú agus is iomchuí, dá bhrí sin, *Pythium oligandrum* tréithchineál M1 a áireamh in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

([1]) IO L 70, 16.3.2005, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2314 ón gCoimisiún an 25 Samhain 2022 lena ndéantar an formheas ar an tsubstaint ghníomhach *Pythium oligandrum* tréithchineál M1 a athnuachan i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 307, 28.11.2022, lch. 47).

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1).

([4]) Conclúid maidir leis an athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí ar an tsubstaint ghníomhach *Pythium oligandrum* tréithchineál M1 (*EFSA Journal* 2020 [Iris EFSA 2020];18(11):6296).

([5]) Tuarascáil athnuachana don tsubstaint ghníomhach *Pythium oligandrum* tréithchineál M1 arna thabhairt chun críche ag an mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha ag an gcruinniú a bhí aige an 14 Deireadh Fómhair 2022 d'fhonn athnuachan a dhéanamh ar fhormheas tréithchineál *Pythium oligandrum* tréithchineál M1 i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 (https://ec.europa.eu/food/plant/pesticides/eu-pesticides-database/start/screen/active-substances/details/1102).

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/216 ón gCoimisiún ([6]), formheasadh an tsubstaint ghníomhach ísealriosca *Trichoderma atroviride* tréithchineál AGR2.. Le linn an athbhreithnithe piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí ar an tsubstaint ghníomhach faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid ([7]), go raibh roinnt faisnéise ann nach raibh ar fáil a mhéid a bhaineann leis an measúnú ar an riosca cothaithe do thomhaltóirí agus gur ghá do bhainisteoirí riosca an cheist a scrúdú a thuilleadh. Mar a leagtar amach sa tuarascáil maidir le hathbhreithniú le haghaidh na substainte gníomhaí sin ([8]), i gcomhthéacs an mheasúnaithe riosca faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, níl *Trichoderma atroviride* tréithchineál AGR2 pataigineach do dhaoine, níl coinne leis go dtáirgfear tocsainí atá ábhartha do shláinte an duine agus tá an riosca do dhaoine trí bhíthin meitibilítí diomaibhseach. Agus an t-athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí ar an tsubstaint ghníomhach *Trichoderma atroviride* tréithchineál AGR2, an tuarascáil maidir le hathbhreithniú agus Airteagal 5 agus Airteagal 14(2), pointí (a), (c) agus (d) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 á gcur san áireamh, níl aon ghá le MRLanna le haghaidh na substainte gníomhaí seo a bhunú agus is iomchuí, dá bhrí sin, *Trichoderma atroviride* tréithchineál AGR2 a áireamh in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(4) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/199 ón gCoimisiún ([9]), formheasadh an tsubstaint ghníomhach ísealriosca *Trichoderma atroviride* tréithchineál AT10.. Le linn an athbhreithnithe piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí ar an tsubstaint ghníomhach faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid ([10]), go raibh roinnt faisnéise ann nach raibh ar fáil a mhéid a bhaineann leis an measúnú ar an riosca cothaithe do thomhaltóirí agus gur ghá do bhainisteoirí riosca an cheist a scrúdú a thuilleadh. Mar a leagtar amach sa tuarascáil maidir le hathbhreithniú le haghaidh na substainte gníomhaí sin ([11]), i gcomhthéacs an mheasúnaithe riosca faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, níl *Trichoderma atroviride* tréithchineál AT10 pataigineach do dhaoine, níl coinne leis go dtáirgfear tocsainí atá ábhartha do shláinte an duine agus tá an riosca do dhaoine trí bhíthin meitibilítí diomaibhseach. Agus an t-athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí ar an tsubstaint ghníomhach *Trichoderma atroviride* tréithchineál AT10, an tuarascáil maidir le hathbhreithniú agus Airteagal 5 agus Airteagal 14(2), pointí (a), (c) agus (d) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 á gcur san áireamh, níl aon ghá le MRLanna le haghaidh na substainte gníomhaí seo a bhunú agus is iomchuí, dá bhrí sin, *Trichoderma atroviride* tréithchineál AT10 a áireamh in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir sin.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/216 ón gCoimisiún an 1 Feabhra 2023 lena bhformheastar an tsubstaint ghníomhach ísealriosca *Trichoderma atroviride* i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 30, 2.2.2023, lch. 7).

([7]) Conclúid maidir leis an athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí ar an tsubstaint ghníomhach Trichoderma atroviride tréithchineál AGR2 (*EFSA Journal* [Iris EPSA] 2022;20(3)).

([8]) Review report for the active substance *Trichoderma atroviride* strain AGR2 as a low-risk substance Finalised in the Standing Committee on Plants, Animals, Food and Feed Animals, Food and Feed at its meeting on 9 December 2022 in view of the approval of *Trichoderma atroviride* strain AGR2 in accordance with Regulation (EC) No 1107/2009. [Tuarascáil athbhreithnithe le haghaidh na substainte gníomhaí *Trichoderma atroviride* tréithchineál AGR2 mar shubstaint ísealriosca tugtha chun críche sa Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha, ag an gcruinniú a bhí aige an 9 Nollaig 2022 i bhfianaise fhormheas *Trichoderma atroviride* tréithchineál AGR2 i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009] (https://ec.europa.eu/food/plant/pesticides/eu-pesticides-database/start/screen/active-substances/details/1231).

([9]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/199 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2023 lena bhformheastar an tsubstaint ghníomhach ísealriosca *Trichoderma atroviride* AT10 i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 27, 31.1.2023, lch. 22).

([10]) Conclúid maidir leis an athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí ar an tsubstaint ghníomhach *Trichoderma atroviride* tréithchineál AT10 (*EFSA Journal* [Iris EFSA] 2022; 20 (4):7200).

([11]) Tuarascáil athbhreithnithe le haghaidh na substainte gníomhaí *Trichoderma atroviride* tréithchineál AT10 arna thabhairt chun críche sa Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha ag an gcruinniú a bhí aige an 9 Nollaig 2022 i bhfianaise fhormheas *Trichoderma atroviride* tréithchineál AT10 i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 (https://ec.europa.eu/food/plant/pesticides/eu-pesticides-database/start/screen/active-substances/details/1268).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear na hiontrálacha seo a leanas isteach in ord aibítre in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005: *Pythium oligandrum* tréithchineál M1, *Trichoderma atroviride* tréithchineál AGR2 agus *Trichoderma atroviride* tréithchineál AT10.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Eanáir 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN